

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Ráiteas Straitéise

Ceartha cosanta sonraí a chaomhnú ach comhlíonadh
a bhrú chun cinn trí threoir, maoirseacht
agus forfheidhmiú

2019



Brollach ón gCoimisinéir um Chosaint Sonraí

Tá áthas orm Ráiteas Straitéise an Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain 2019 a chur i láthair. Leagtar amach sa Ráiteas seo na príomhchuspóirí atá againn don chéad bhliain féilire iomlán ina ndéanfar gníomhaíocht rialála faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is é an toradh atá ar chóras dlí nua an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí go n-athraítear an scéal ó bhonn do gach údarás cosanta sonraí san Aontas. In Éirinn, cuireadh comhlacht reachtúil nua ar a dtugtar an Coimisiún um Chosaint Sonraí in áit Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, a bunaíodh faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988. Is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta faoi chóras dlí nua an Aontais um chosaint sonraí. Ní hé amháin go bhfuil mórdhualgais nua air, ach tá mórchumhachtaí nua ag an gCoimisiún agus tá an cumas aige torthaí éifeachtacha a bhaint amach maidir le caighdeán chosanta sonraí a ardú freisin. Cuid dár ngnáthghníomhaíocht is ea dul i mbun comhar níos dlúithe lenár macasamhlacha san Aontas, agus glacaimid páirt i gcruinnithe iomlánacha an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí sa Bhruiséil gach mí chun tacú leis sin.

Dhíríomar ar athstruchtúrú straitéiseach eagrúcháin arís eile le linn na bliana 2018. Dhíríomar ar fhostaithe nua a earcú freisin agus mhéadaigh ár líon foirne go 133 dhuine, a chuimsíonn imscrúdaitheoirí, dlíodóirí, teicneolaithe, bainisteoirí agus gairmithe cumarsáide ar speisialtóirí ina réimse féin iad. Tháinig méadú ar an líon ceisteanna teileafóin agus leictreonacha a cuireadh, an líon iarrataí a fuarthas ar chomhairliúchán leis an oifig, an líon ábhar imní a cuireadh in iúl, an líon iarrataí a fuarthas ó na meáin agus an líon fiosrúchán agus imscrúduithe a osclaíodh agus ar oibríodh orthu, agus tá sé mar chuspóir ag an gCoimisiún iad go léir a láimhseáil le cothroime, sármhaitheas agus cúram. Chun é sin a dhéanamh, is gá dúinn leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh inár n-oiliúint inmheánach agus inár gcuid próiseas agus nósanna imeachta a bheachtú, mar aon le tuilleadh sainscileanna a earcú chuig ár bhfoireann mhéadaithe. Sa bhliain 2019, gheofar léargas níos fearr ar iarmhairtí an chinnidh a rinne an Ríocht Aontaithe sa bhliain 2016 imeacht ón Aontas Eorpach. Maidir leis sin, leanfaidh an Coimisiún le bheith sofhreagrúil agus airdeallach agus é ag cur na ngeallsealbhóirí uile ar an eolas faoi athruithe ar cheanglais chomhlíonta, go háirithe iad sin a bhaineann le haistrithe sonraí pearsanta.

Ní bheadh an Coimisiún in ann an bunathrú sin ar fad a bhaint amach gan an infheistíocht shuntasach a rinne an Rialtas ann agus tá sé riachtanach go leanfaí leis an infheistíocht sin ionas gur féidir linn na feidhmeanna atá againn mar rialálaí cosanta sonraí atá dea-chistithe agus neamhspleách agus a bhfuil meas idirnáisiúnta air a chur i gcrích.

Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le mo chomhghleacaithe, le geallsealbhóirí agus le mo mhacasamhlacha san Aontas Eorpach – idir na daoine sin atá ann faoi láthair agus na daoine sin a bheidh ann amach anseo – chun cuspóirí na Straitéise seo a bhaint amach agus chun leanúint le seasamh leis na cearta bunúsacha atá ag daoine aonair san Aontas chun cosanta sonraí.



Helen Dixon

Coimisinéir um Chosaint Sonraí

Réamhrá

Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair¹ san Aontas Eorpach go dtabharfaí cosaint dá sonraí pearsanta. Dá réir sin, is é an Coimisiún an t-údarás maoirseachta in Éirinn atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí². Tá feidhmeanna agus cumhachtaí againn freisin i dtaca le creataí rialála eile, lena n-áirítear Rialacháin na hÉireann maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (2011)³ agus an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí⁴. Tá cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an Choimisiúin leagtha síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, rud lena dtugtar tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta agus don Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí⁵.

Cumhdaíodh an tréimhse ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2018 sa Ráiteas Straitéise roimhe ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Mar a bhí beartaithe, athbhreithníodh an Ráiteas Straitéise sin ag deireadh na bliana 2018 chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneamar in aghaidh ár gcuspóirí straitéiseacha agus chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha atá ár misean, ár bhfís agus ár luachanna go fóill.

Idir na blianta 2017 agus 2018, tháinig bunathrú mór chun cinn laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí mar eagraíocht agus laistigh den tírdhreach a rialálaimid araon. Táthar ag leanúint leis an mbunathrú agus an leis an bhfoghlaím sin sa bhliain 2019, agus sinn ag trasdul chuig ár ról rialála fadtéarmach agus ár dtimpeallacht rialála fhadtéarmach.

Leagtar amach sa doiciméad seo ár Ráiteas Straitéise don bhliain 2019 - tá Straitéis nua don tréimhse 2020 go 2025 á forbairt againn faoi láthair.

Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise roimhe don bhliain 2017-2018 agus breithniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs a bhíonn ag athrú go tapa go fóill, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil géarghá ann le hanailís chuimsitheach fhairsing a dhéanamh ar a straitéis fhadtéarmach. Úsáidfear an anailís straitéiseach sin chun cabhrú linn a chinntiú gur rud stuama a mbeidh cuspóir leis, seachas rud frithghníomhach, a bheidh sa trasdul chuig ár ról rialála fadtéarmach. Ar deireadh, tabharfar sa straitéis fhadtéarmach treoir dúinn maidir leis an dóigh a gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí, an dóigh a gcuirfimid ár n-obair reachtúil agus neamhreachtúil in ord tosaíochta agus an dóigh a ndéanfaimid éilimh atá san iomaíocht lena chéile a chothromú go straitéiseach agus sinn ag feidhmiú ár gcumhachtaí rialála ar mhaithe le cearta cosanta sonraí a chosaint a mhéid is féidir do gach duine.

1 - Eascraíonn an ceart seo as Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

2 - Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE

3 - Ionstraim Reachtúil Uimh. 336/2011 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach), 2011

4 - Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle

5 - Leasaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988, chun críocha áirithe agus foráladh d'achtacháin áirithe eile a leasú agus do nithe gaolmhara leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018, freisin

Má tá ár straitéis fhadtéarmach chun bheith éifeachtach, is gá tuairimí ár ngeallsealbhóirí seachtracha éagsúla, an rannchuidiú ó shaineolaithe ábhartha agus dearcthaí na ndaoine aonair a bhféachaimid le seasamh lena gcearta cosanta sonraí a chur san áireamh freisin san anailís agus sa mhachnamh straitéiseach a dhéanfar. Dá bhrí sin, is gá próiseas comhairliúcháin fairsing atá atriallach agus trédhearcach a bheith ina chuid lárnach den anailís agus den bhreithniú a dhéanfaimid ar ár straitéis sheasmhach agus de na tátail a bhainfear aisti.

Inár straitéis deiridh, leanfar le saoránaigh a chur i gcroílár an bhealaigh ina gcuireann an Coimisiún a fheidhmeanna reachtúla i gcrích. Ina theannta sin, leagfar amach na tosaíochtaí rialála atá ag an gCoimisiún agus tabharfar léargas agus cinnteacht níos fearr d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún rialáil a dhéanamh.

Cuirfear an anailís straitéiseach chuimsitheach agus an comhairliúchán poiblí fairsing sin i gcrích le linn na bliana 2019. Is é a thiocfaidh as an obair sin ná Straitéis Rialála ón gCoimisiún a meastar go mbeidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse cúig bliana. Idir an dá linn, is ábhartha go fóill atá misean, fíis, luachanna agus cuspóirí straitéiseacha reatha an Choimisiúin, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don bhliain 2017-2018. Tríd an Ráiteas Straitéise roimhe don bhliain 2017-2018 a leathnú agus a oiriúnú, beidh an Coimisiún in ann leanúint le foghlaim ón tréimhse trasdula reatha seo maidir leis na cinntí agus na roghanna straitéiseacha a bheidh orainn a dhéanamh amach anseo.

Dá bhrí sin, leantar sa Ráiteas Straitéise seo don bhliain 2019 lena bhfuil sa Straitéis don bhliain 2017-2018, agus athruithe agus nuashonruithe á ndéanamh uirthi de réir mar is cúí.

Comhthéacs

Na nithe a dhéanaimid sa Choimisiún um Chosaint Sonraí

Tá sainchúram ilchisealach an-leathan ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus cuimsíonn sé an raon feidhmeanna maoirseachta, comhairleacha, forfheidhmiúcháin agus méadaithe feasachta atá aige. Cuimsíonn sé freisin an obair a dhéanann an Coimisiún maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh gach cineáil eagraíochta atá lonnaithe in Éirinn agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta araon⁶. Tá ár gcuid cúraimí agus gníomhaíochtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí leagtha amach in Airteagal 57 den Rialachán Ginearálta agus tá ár gcuid feidhmeanna sonrithé Éireannach tuilleadh in alt 12 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Chomh maith leis sin, tá feidhmeanna sonracha agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin sonracha ag an gCoimisiún faoi Rialachán na hÉireann maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach (I.R. Uimh. 336 de 2011). Tá feidhmeanna rialála ag ComReg, agus tá freagrachtaí rialála air, faoin Ionstraim Reachtuil sin freisin. Ina theannta sin, tá feidhmeanna ag an gCoimisiún faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, mar atá trasuite san Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Mar aon leis an reachtaíocht shonrach um chosaint sonraí, tá thart ar 20 píosa reachtaíochta eile ann lena bpléitear le próiseáil sonraí pearsanta. Cumhdaítear leo sin roinnt réimsí earnála éagsúla ar ina leith nach mór don Choimisiún an fheidhm maoirseachta atá leagtha air faoin reachtaíocht a chur i gcrích.

I measc cúraimí eile, láimhseálann an Coimisiún gearáin a fhaightear ó dhaoine aonair⁷ agus scrúdaíonn sé fógraí faoi shárúithe sonraí pearsanta⁸ a fhaightear ó rialaitheoirí sonraí⁹, agus leas á bhaint againn as ár gcumhachtaí reachtúla. Seolann an Coimisiún fiosrúcháin agus imscrúduithe ar shárúithe féideartha ar an reachtaíocht um chosaint sonraí, lena n-áirítear fiosrúcháin reachtúla a thosaíonn an Coimisiún dá thoil féin¹⁰, agus déanann sé gníomhaíocht forfheidhmiúcháin nuair is gá.

Mar chuid den ról atá aige maidir le seasamh go réamhghníomhach leis na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair, déanann an Coimisiún measúnú freisin ar chosaint sonraí pearsanta agus ar na rioscaí do chosaint sonraí pearsanta i raon eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí trí dhul i mbun comhairliúcháin agus teagmhála leis na heagraíochtaí sin a phróiseálann sonraí pearsanta. Áirítear leis an obair sin na comhairliúcháin a sheoltar i leith measúnuithe tionchair cosanta sonraí ina dtugtar le fios go dtiocfaidh ardriosca iarmhartach¹¹ as an bpróiseáil atá beartaithe ag an eagraíocht lena mbaineann. Sna cásanna sin, féachaimid le comhairle a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le conas is féidir leo na rioscaí sin a mhaolú tuilleadh agus dul chun cinn nuálaíochta agus teicneolaíochta a shaothrú ag an am céanna. Téann Ranna Rialtais i gcomhairle linn freisin agus na reachtaíocht a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta á hullmhú acu¹².

6 - Leagtar raon feidhme críochach an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí amach in Airteagal 3 den Rialachán Ginearálta

7 - Airteagal 57(1)(f) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; ailt 109 agus 122 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

8 - Airteagal 33 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

9 - Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

10 - Ailt 110 agus 123 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

11 - Airteagal 36(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

12 - Airteagal 36(4) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Déanann an Coimisiún iarracht feasacht mhéadaithe ar oibleagáidí cosanta sonraí, agus comhlíonadh méadaithe oibleagáidí cosanta sonraí, a chothú trí threoir ar ardchaighdeán a fhoilsiú, trí dhul i mbun teagmháil réamhghníomhach le heagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí agus, ar deireadh, trí ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair is gá. Cothaíonn an Coimisiún an fheasacht atá ag daoine aonair ar a gcearta cosanta sonraí freisin. Sa bhliain 2019, díreofar go sonrach ar chur leis na leibhéil tuisceana agus feasachta atá ag leanaí in Éirinn ar a gcearta agus leis na leibhéil tuisceana agus feasachta atá ag na geallsealbhóirí uile ar na cearta atá ag leanaí agus ar na cosaintí sonracha a bhfuil feidhm acu agus sonraí pearsanta leanaí á bpróiseáil.

Mar cheann de na húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas Eorpach, tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí¹³, a chinntíonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ar fud an Aontais¹⁴. Mar chuid de rannpháirtíocht ghníomhach an Choimisiúin sa Bhord Eorpach, ullmhaíonn baill foirne an Choimisiúin do níos mó ná 80 cruinniú sa Bhruiséil gach bliain agus freastalaíonn siad ar na cruinnithe sin i bpearsa. Comhlíonann an Coimisiún na ceangaltais atá air gníomhú mar rapóirtéir agus mar chomhpháirtéir do threoirlínte agus seasaimh bheartais áirithe ón mBord Eorpach freisin. Faoin Rialachán Ghinearálta, oibríonn an Coimisiún i gcomhar le húdaráis eile chosanta sonraí ar nithe a bhaineann le léiriú dlíthiúil agus ar chásanna sonracha agus gníomhaíonn sé mar phríomhúdarás maoirseachta¹⁵ ar leibhéal an Aontais Eorpaigh d'eagraíochtaí a bhfuil a bpríomhbhunaíocht san Aontas¹⁶ lonnaithe in Éirinn.

Sa bhliain 2019, scrúdóimid an cur chuige a ghlacaimid i leith ár gcuid gníomhaíochtaí agus feidhmeanna uile mar chuid den anailís a dhéanfaimid ar Straitéis Rialála fhadtéarmach an Choimisiúin. Is é sin le rá, déanfaimid anailís agus iniúchadh ar na nithe a dhéanaimid agus ar an dóigh a ndéanaimid iad, lena n-áirítear na gnéithe éigeantacha agus lánroghnacha uile dár gcuid oibre, agus tiocfaimid ar chonclúidí ina leith. Lorgóimid tuairimí ar na ceisteanna sin le linn ár gcomhairliúcháin phoiblí ar an straitéis nua.

Creat Dlíthiúil Nua an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí

Tháinig creat dlíthiúil nua an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, agus cód nua-aimseartha atá níos oiriúnaí don timpeallacht teicneolaíochta a bhíonn ag athrú á chur in áit na Treorach um Chosaint Sonraí, 1995¹⁷, dá bharr. Is é atá sa chreat nua ná an Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí.

Feabhsaítear leis an Rialachán Ghinearálta na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair, agus

13 - Airteagal 68 den Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

14 - Airteagal 70 den Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

15 - Airteagal 56 den Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

16 - Airteagal 4(16) den Rialachán Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

17 - Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin

tuilleadh smachta á thabhairt dóibh ar an dóigh a ndéanann eagraíochtaí a sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil. Méadaítear go han-suntasach leis an Rialachán freisin na hoibleagáidí atá ar eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta, áit a gceanglaítear orthu leibhéil mhéadaithe chuntasachta agus trédhearcachta a chur i bhfeidhm i leith a n-oibríochtaí próiseála sonraí. Rud suntasach, leathnaítear raon feidhme críochach an Rialacháin Ghinearálta chuig eagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach freisin in imthosca ina ndéanann siad faireachán ar iompraíocht daoine aonair (i.e. ina mbailíonn siad sonraí pearsanta) laistigh den Aontas nó ina soláthraíonn siad earraí agus seirbhísí do dhaoine aonair laistigh den Aontas. Rud eile a dhéantar leis an Rialachán Ginearálta is ea go dtugtar cumhachtaí i bhfad níos leithne d'údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí na mBallstát den Aontas agus go leagtar oibleagáidí i bhfad níos leithne orthu.

Foráiltear leis an Rialachán Ginearálta do chur chuige comhchuí a bheith á ghlacadh ag údaráis mhaoirseachta i leith an creat dlíthiúil nua a léiriú agus a chur chun feidhme, agus leas á bhaint acu as sásraí éagsúla comhair agus comhsheasmhachta¹⁸. Gníomhaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí mar phríomhúdarás maoirseachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i leith cuid mhór de na cuideachtaí teicneolaíochta, Idirlín agus meán sóisialta a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. Fágann sé sin go bhfuil ról an-lárnach ag an gCoimisiún maidir leis na cearta cosanta sonraí atá ag na milliúin duine aonair ar fud an Aontais a chosaint. Faoin sásra ilfhreastail nua a chruthaítear leis an Rialachán Ginearálta, ceanglaítear ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar na tuairimí ó údaráis eile mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas, go háirithe de réir mar a thugaimid ár gcinntí ar fhiosrúcháin reachtúla a bhaineann le próiseáil trasteorann chun críche¹⁹.

Rinneadh an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí a thrasú i ndlí na hÉireann an 25 Bealtaine 2018 tráth achtú an Achta um Chosaint Sonraí, 2018. Tá próiseáil sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí cumhdaithe go leathan i gCuid 5 (ailt 69 go 104) agus i gCaibidil 3 de Chuid 6 (ailt 118 go 128) den Acht. Tá sí cumhdaithe freisin i gcodanna eile den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, lena gcumhdaítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí araon.

Tríd is tríd, tá feidhm ag an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí i gcás gur “údarás inniúil” é rialaitheoir sonraí agus go bpróiseáiltear sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Tá feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí ag a lán údarás agus comhlachtaí poiblí faoi chóras dlí na hÉireann. Nuair a bheidh na feidhmeanna sin, agus na feidhmeanna sin amháin, á gcur i gcrích acu, beidh siad cumhdaithe faoin Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí. Beidh feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i ngach cás eile.

Ina theannta sin, rinne an Coimisiún Eorpach Rialachán beartaithe nua maidir le Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonach a fhoilsiú i mí Eanáir 2017. Tugtar an Rialachán maidir le

¹⁸ - Caibidil VII den Rialachán Ginearálta

¹⁹ - Airteagal 4(23) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

r-phríobháideachas air. Beartaítear leis an dréacht-Rialachán maidir le r-phríobháideachas athruithe suntasacha breise a dhéanamh ar an dlí ar mhaithe le feabhas a chur ar shlándáil agus rúndacht na ngníomhaíochtaí ar líne de chuid daoine aonair, lena n-áirítear i dtaca le ríomhphoist agus teachtaireachtaí meandracha a sheoladh thar an Idirlíon. Cé nach bhfuil an téacs den dréacht-Rialachán maidir le r-phríobháideachas comhaontaithe agus nach bhfuil aon dáta socraithe dá thabhairt isteach go fóill, is amhlaidh go mbeidh tionchar ag an Rialachán ar fheidhmeanna na n-údarás náisiúnta maoirseachta cosanta sonraí – an Coimisiún um Chosaint Sonraí ina measc – maidir lena bhfreagrachtaí faireacháin agus forfheidhmiúcháin.

Cé go ndéanann an Coimisiún rialáil faoin gcreat dlíthiúil nua, ní mór dúinn leanúint leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, a chur i bhfeidhm le linn dúinn gearáin a láimhseáil agus imscrúduithe a bhainistiú ar shárúithe féideartha a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018. Ní mór dúinn déanamh amhlaidh freisin i leith gearáin agus sárúithe a bhaineann le catagóirí próiseála teoranta áirithe eile, is cuma cé acu a rinneadh an phróiseáil sin roimh an 25 Bealtaine 2018 nó ina dhiaidh²⁰.

2019 – Bliain an Bhunathraithe agus an Trasdula

Bliain shuntasach do chosaint sonraí agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí araon ba ea an bhliain 2018.

Mar chuid den chreat dlíthiúil úrnua a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2018, ghabh an Coimisiún freagrachtaí nua air féin agus ghnóthaigh sé cumhachtaí breise agus, dá bharr sin, tá sé ag tabhairt faoi mhórchlár um bunathrú eagraíochta anois. Mhéadaigh ár líon foirne faoi thart ar 60%, ó thuairim is 80 ball foirne i dtús na bliana 2018 go beagán os cionn 130 ball foirne in situ i dtús na bliana 2019. Cruthaíodh roinnt aonad eagraíochta nua le linn na bliana chun ár bhfreagrachtaí nua don phobal a chur i gcrích, chun maoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí nua amhail fógraí sáraithe agus chun an méid méadaithe cásoibre a bhainistiú. Chuir an Coimisiún an-obair isteach in anailís a dhéanamh ar an dóigh nach mór ár n-oibleagáidí a chur san áireamh inár nósanna imeachta inmheánacha, i mbailchríoch a chur ar an dearadh tosaigh ar an gcóras nua bainistíochta cásanna agus i suíomh Gréasáin nua a sheoladh. D'oibríomar go fairsing freisin lenár gcomhghleacaithe in údaráis eile chosanta sonraí san Aontas Eorpach trí bhíthin Mheitheal Oibre Airteagal 29²¹, rud a ndearnadh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí de ina dhiaidh sin faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Le linn an ghníomhaíocht ullmhúcháin sin ar fad don Rialachán Ginearálta agus na hathruithe sin ar fad a chur i gcrích, coinníodh leanúnachas oibríochtúil ar bun inár ngníomhaíochtaí maoirseachta, comhairleacha agus faisnéise. Mar chuid den obair sin, chuathas i

20 - Tá na catagóirí próiseála eile sin leagtha amach in alt 8(1)(a) agus (b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

21 - Bunaíodh Meitheal Oibre Airteagal 29 le Treoir 95/46/CE ón Aontas Eorpach agus bhí sí comhdhéanta d'ionadaithe ón údarás maoirseachta nó ó na húdaráis mhaoriseachta arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag gach Ballstát den Aontas. Bhí sí comhdhéanta freisin d'ionadaí ón údarás nó ó na húdaráis arna bhunú nó arna mbunú d'institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus d'ionadaí ón gCoimisiún Eorpach.

mbun comhairliúchán fairsing le heagraíochtaí roimh thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta agus reáchtáladh mórfheachtas méadaithe feasachta do dhaoine den phobal.

Baineadh mórathrú agus mórdhul chun cinn amach sa bhliain seo a chuaigh thart agus táimid ag súil leis go mbeidh tuilleadh bunathraithe agus trasdula ann sa Choimisiún um Chosaint Sonraí sa bhliain 2019.

- Leanann an Coimisiún le dul i méid agus meastar go méadóidh an líon ball foirne go thart ar 170 duine faoi dheireadh na bliana 2019. Leanaimid leis an bhfás sin a bhainistiú go cúramach trí fhorghoirseacht a dhéanamh ar phróisis earcaíochta, ionduchtúcháin, oiliúna agus bhainistíochta.
- De réir mar a leanaimid le dul i méid agus mar a shocraíonn ár méid cásoibre síos, déanfaimid cinntí leanúnacha le linn na bliana ar an dóigh is fearr chun ár n-acmhainní a úsáid agus chun ár bhfoirne a eagrú ionas go mbeimid chomh héifeachtach agus is féidir agus ár bhfeidhmeanna reachtúla á gcur i gcrích againn. Déanfar na héifeachtúlachtaí a thiocfaidh as cur chun feidhme ár gcórais nua bhainistíochta cásanna a thomhas agus a chur san áireamh sna cinntí leanúnacha sin freisin.
- Leanfaimid lenár nósanna imeachta caighdeánacha a shainiú agus a chur chun feidhme agus cuirfimid cur chuige feabhsú cáilíochta i bhfeidhm ionas gur féidir linn a chinntiú go mbeidh siad cothrom, láidir, comhsheasmhach agus éifeachtúil agus ag teacht lenár gcuid cumhachtaí agus dualgas nua. Tabharfaimid aird ar na hoibleagáidí nós imeachta atá orainn faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus déanfaimid breithniú ar an dóigh is fearr chun alt 12(8) den Acht (lena gceadaítear don Choimisiún a nósanna imeachta féin a rialáil) a chur i bhfeidhm²². Leanfaimid le dul i dteagmháil lenár gcomhghleacaithe ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir leis an idirghníomhú idir ár nósanna imeachta féin agus an dóigh ar gá riachtanais chomhair agus chomhsheasmhachta an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur san áireamh. Leanfaimid le bheith chomh stuama agus is féidir agus ár nósanna imeachta á sainiú agus á gcur chun feidhme againn agus féachfaimid ag an am céanna leis na nithe ar féidir leo a bheith ag súil leo a chur in iúl go soiléir d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair. Maidir leis na ceachtanna a fhoghlaimoimid ó na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm agus a bheachtú, beidh tionchar acu ar deireadh ar ár dtosaíochtaí agus ar an dóigh a n-úsáidimid acmhainní.
- Thosaigh an Coimisiún líon suntasach fiosrúchán reachtúil le linn na bliana 2018 agus táimid ag súil leis, tar éis dúinn imscrúduithe cothroma diana a chríochnú, go dtosóimid ag eisiúint cinntí agus ag feidhmiú cumhachtaí forfheidhmiúcháin, de réir mar is cuí, le linn na míonna

²² - Luaitear in alt 12(8) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018: "Faoi réir an Achta seo, rialálfaidh an Coimisiún a nósanna imeachta féin."

tosaigh den bhliain 2019. Tá an chéad bhabhta d'fhiosrúcháin á gcur i gcrích againn faoi láthair agus táimid ag fáil tuilleadh léargas oibríochtúil ar chomhlíonadh ár ról reachtúil agus ar an raon feidhme do na roghanna straitéiseacha a dhéantar mar chuid den ról sin. I gcás na bhfiosrúchán sin a bhaineann le próiseáil trasteorann, táimid ag gnóthú tuiscint níos fearr ar na himpleachtaí praiticiúla agus nós imeachta a ghabhann le sásraí comhair an Rialacháin Ghinearálta a chur chun feidhme i bhfíorchásanna, in éineacht lenár gcomhghleacaithe ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.

- Le linn na bliana 2019, leanfaidh an Coimisiún leis na réimsí nua freagrachta a tugadh isteach leis an Rialachán Ginearálta a chur i mbun feidhme, mar shampla, na réimsí sin a bhaineann le deimhniú²³ agus le cóid iompair²⁴. Trínár gcuidreamh le húdaráis eile chosanta sonraí agus tríd an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a stiúradh le linn dó treoir phraiticiúil a ullmhú sna réimsí sin, cuirfidh le linn na bliana leis an tuiscint atá againn ar an dóigh ar cheart ár bhfreagrachtaí oibríochtúla sna réimsí sin a chur i gcrích agus ar na roghanna atá againn maidir leis an dóigh a n-úsáidfidh acmhainní ina leith sin.
- Leanann an Coimisiún le cásanna a bhainistiú faoi dhá chreat dhlíthiúla chomhthreomhara: 1) an creat atá leagtha síos sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, le haghaidh gearáin agus sárúithe féideartha a bhaineann leis an tréimhse roimh an 25 Bealtaine 2018; agus 2) creat dlíthiúil nua an Aontais Eorpaigh. Táimid ag súil leis go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an gcastacht oibríochtúil sin le linn na bliana 2019 de réir mar a réitítear cásanna faoin gcreat reachtach roimhe.
- Le linn na bliana 2019, leanfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí le treoirlínte agus seasaimh a fhorbairt ar an dóigh a léiríonn sé gnéithe sonracha den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus den Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí, agus an méid sin á dhéanamh aige mar chuid den ról a imríonn sé i gcur i bhfeidhm comhsheasmhach an chreata dhlíthiúil nua a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh. Beidh na treoirlínte sin ina dtoisc thábhachtach taobh thiar den Rialachán Ginearálta agus den Treoir a leabú i gcoitinne sa dóigh a ndéanfar faireachán agus forfheidhmiú ar chomhlíonadh ar fud an Aontais.
- Rachaidh tosca seachtracha i bhfeidhm go mór ar an obair a dhéanfaidh an Choimisiún le linn na bliana 2019 agus ina diadh. Táimid ag súil leis, mar shampla, go ngnóthóimid tuiscint i bhfad níos soiléire sa bhliain 2019 ar an difear a dhéanfaidh an Breatimeacht d'aistrithe sonraí pearsanta chuig an Ríocht Aontaithe agus don obair maoirseachta a dhéanaimid.

23 - Airteagail 42 agus 43 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

24 - Airteagail 40 agus 41 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

- Ar deireadh, táimid ag tabhairt faoi mhórchlár um athrú eagraíochta le linn na bliana 2019 sula nglacfaidh an Coimisiún le cuntasacht dhíreach as a oibríochtaí reachtúla airgeadais agus acmhainní daonna i mí Eanáir 2020. Agus an méid sin á dhéanamh againn, bogfaidh an Coimisiún ar shiúl ón tsamhail reatha trína soláthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí airgeadais agus acmhainní daonna dó. Le linn na bliana 2019, beidh ar an gCoimisiún dul i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Oifig Náisiúnta nua um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais chun ullmhú le haghaidh feidhmeanna an “Oifigigh Chuntasáíochta” a aistriú chuig an gCoimisiún chun go mbeidh sé in ann a vóta féin a shealbhú²⁵.

Le linn na bliana trasdula seo, leanfaidh obair an Choimisiúin le bheith bunaithe ar ár misean, ár bhfís, ár luachanna agus ár gcuspóirí straitéiseacha reatha, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise don bhliain 2017-2018, agus athbhreithnithe agus nuashonruithe á ndéanamh air de réir mar is cuí.

An fhoghlaim, an dul chun cinn agus an taithí leantach a ghnóthóimid le linn na bliana 2019, cuirfidh siad go léir go mór leis an anailís straitéiseach a dhéanfaimid ar ár Straitéis Rialála fhadtéarmach.

Straitéis Rialála an Coimisiún um Chosaint Sonraí

I bhfianaise fhairsinge leathnaithe ár n-oibre reachtúla agus neamhreachtúla, agus i bhfianaise an chomhthéacs a bhíonn ag athrú go tapa ina ndéantar an obair sin, is gá don Choimisiún freastal go leanúnach ar chuid mhór éileamh atá san iomaíocht lena chéile maidir leis an dóigh a n-úsáidimid ár n-acmhainní. Agus sinn ag comhlíonadh an róil reachtúil atá againn maidir le seasamh leis na cearta cosanta sonraí atá ag daoine aonair, déileálaimid le roinnt geallsealbhóirí éagsúla a bhfuil dearthaí difriúla acu agus leis an bhfeasacht mhéadaitheach atá ag an bpobal ar chearta cosanta sonraí agus ar an ról a imrímid i seasamh leis na cearta sin. Tá na dearthaí sin ríthábhachtach don tuiscint atá ag an gCoimisiún ar an gcomhthéacs ina rialálaimid agus ar na bealaí inar féidir linn gníomhú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.

Mar atá leagtha amach sa Réamhrá, is mithid don Choimisiún Straitéis Rialála fhadtéarmach a fhorbairt ionas go ndéanfar breithniú iomlán stuama ar ár misean agus ár ról athnuaite, ar ár dtosaíochtaí, ar na torthaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus ar na nithe a sholáthraímid agus ar an dóigh a soláthraímid iad. Beidh ár gcur chuige i leith an Straitéis Rialála a fhorbairt cuimsitheach, machnamhach, atriallach agus doshéanta agus rachfar i mbun comhairliúchán domhain lena linn. Beidh an Straitéis Rialála dírithe ar shaoránaigh ó thaobh cur chuige de. Úsáidfear í chun ár gcuid oibre a threorú sna blianta atá le teacht agus chun léargas a thabhairt

²⁵ - Alt 25 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018

dár ngeallsealbhóirí ar ár ngníomhaíochtaí agus chun deis a thabhairt dóibh rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí sin.

Chuir an Coimisiún tús le mórthionscadal chun Straitéis Rialála an Choimisiúin a fhorbairt agus tá sé beartaithe go mbeidh feidhm ag an Straitéis Rialála nua ar feadh tréimhse cúig bliana. Cumhdaítear i raon feidhme an athbhreithnithe na gníomhaíochtaí éigeantacha agus lánroghnacha atá á seoladh ag an gCoimisiún faoi láthair, atá beartaithe ag an gCoimisiún a sheoladh agus a d'fhéadfadh an Coimisiún a sheoladh. Scrúdaítear ár gcroífhéidhmeanna agus ár bhféidhmeanna tacaíochta araon ann freisin. Beidh an Straitéis struchtúrtha²⁶ mar a leanas:

- Misean an Coimisiúin um Chosaint Sonraí
- Fís an Coimisiúin um Chosaint Sonraí
- Na torthaí atáimid ag iarraidh a bhaint amach
- Na Cuspóirí Straitéiseacha agus na tosaíochtaí a shaothrófar thar an tréimhse cúig bliana chun an Misean, an Fhís agus na Torthaí sin a bhaint amach
- An Plean Cur Chun Feidhme a leanfar chun na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach

Beidh an tionscadal agus an cur chuige cuimsitheach ó thaobh fairsinge agus raon feidhme de. Rachaimid i mbun comhairliúchán domhain agus beimid cuimsitheach maidir leis na geallsealbhóirí a rachaimid i dteagmháil leo. Beimid machnamhach maidir leis an mionscrúdú a dhéanfaimid ar na príomhcheisteanna. Beidh ár gcur chuige atriallach maidir leis an Straitéis a shainiú agus a bheachtú agus rachaimid i mbun comhairliúcháin de réir mar a atrailimid. Ar deireadh, beimid doshéanta maidir leis na tosaíochtaí a leagfaimid síos.

Beidh an tionscnamh straitéise sin ar siúl ar feadh roinnt míonna sa bhliain 2019 agus táthar ag súil leis go seolfar an chéad phríomhbhabhta den chomhairliúchán poiblí faoi dheireadh na chéad ráithe den bhliain 2019. Beidh an babhta sin bunaithe ar réamhpháipéar comhairliúcháin ina leagfar amach roinnt de na príomhcheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i Straitéis Rialála an Choimisiúin. Mar chuid den anailís straitéiseach a dhéanfaidh an Coimisiún, tabharfar an-aird ar na hoibleagáidí atá ar an gCoimisiún faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, go háirithe chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid alt 42 den Acht ina iomláine.

Sula dtabharfar Straitéis Rialála fhadtéarmach an Choimisiúin chun críche le linn na bliana, leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo don bhliain 2019 an misean, na luachanna agus na cuspóirí straitéiseacha a leanfaidh le hobair an Choimisiúin a threorú sa bhliain 2019.

²⁶ - Mar atá leagtha amach i gCuid 1.17 den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Poiblí 2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016

Ár Misean

Cearta cosanta sonraí a chaomhnú ach comhlíonadh a bhrú chun cinn trí threoir, maoirseacht agus forfheidhmiú.

Ár bhFís

Ag gníomhú dó mar chomhlacht atá iontaofa agus lánoiriúnach don fheidhm agus a bhfuil meas idirnáisiúnta air, déanfaidh an Coimisiún um Chosaint Sonraí maoirseacht agus forfheidhmiú neamhspleách ar dhlí an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí.

Taispeánfaimid gairmiúlacht, inniúlacht agus saineolas i gcónaí le linn dúinn ár ról méadaithe faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur i gcrích, agus sinn ag gníomhú mar phríomhúdarás maoirseachta do chuid mhór de na cuideachtaí teicneolaíochta, Idirlín agus meán sóisialta is mó ar domhan agus mar údarás maoirseachta do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon in Éirinn.

Nuair is gá agus is cuí, agus de réir dhlí na hÉireann agus dhlí an Aontais Eorpaigh, féadfaimid smachtbhannaí, amhail fíneálacha riaracháin, a fhorchur in aghaidh aon chuideachta nó aon eagraíochta a sháraigh an dlí. Is ar bhealach cothrom trédhearcach a fheidhmeoidimid ár gcumhachtaí ionchúisimh faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoi I.R. Uimh. 336 de 2011.

Mar a cheanglaítear leis an gcreat dlíthiúil nua um chosaint sonraí, láimhseálfaimid gearáin ó dhaoine aonair a gcreideann gur sáraíodh a gcearta cosanta sonraí agus déanfaimid gníomhaíocht chuí le linn dúinn gearáin a láimhseáil.

Próifíl scileanna ár bhfoirne, ár struchtúr agus ár méid, ár bpróisis, ár nósanna imeachta agus ár mbuiséad, beidh siad go léir ag teacht lenár gcuid feidhmeanna agus freagrachtaí méadaithe ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Leanfaidh an Coimisiún le caidreamh comhoibríoch idirnáisiúnta níos láidre a fhorbairt de réir a chéile le húdaráis chosanta sonraí agus le rialálaithe tomhaltóirí ar fud an domhain. Déanfaidh sé amhlaidh mar bhall de líonraí idirnáisiúnta amhail Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta, Comhdháil na nÚdarás Eorpach Cosanta Sonraí agus an Líonra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachta. Mar bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, oibreoidimid i gcomhar le gach údarás maoirseachta cosanta sonraí san Aontas Eorpach, mar a cheanglaítear orainn faoin gcreat dlíthiúil nua, agus glacfaimid páirt iomlán i gcur chun feidhme leantach an chórais chomhchuibhithe chosanta sonraí ar fud an Aontais.

Ár Luachanna

Táimid tiomanta do na luachanna seo a leanas a thaispeáint le linn dúinn ár bhfeidhmeanna a chur i gcrích agus ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh, agus i ngach teagmháil a bhíonn againn le daoine aonair, le heagraíochtaí, le comhlachtaí reachtúla agus rialála agus le geallsealbhóirí eile:

- Cothroime
- Saineolas
- Comhoibriú
- Gairmiúlacht
- Trédhearcacht
- Neamhspleáchas
- Cuntasacht

Ár gCuspóirí Straitéiseacha

1. Leanúint le cumas agus acmhainn an Choimisiúin a mhéadú chun ár ról breisithe faoi Chreat Dlíthiúil nua an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí a léiriú

Bhí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí ina n-ollchóiriú bunúsach a rinneadh ar chóras dlí an Aontais um chosaint sonraí. Ina theannta sin, is dócha go dtabharfar tuilleadh athruithe suntasacha ar an gcreat dlíthiúil isteach mar thoradh ar theacht isteach an Rialacháin deiridh maidir le r-phríobháideacht. I gcás an Choimisiúin, tá an córas nua ag fágáil cheana féin go bhfuil athrú eagraíochta nach bhfacthas a leithéid riamh á dhéanamh. Anuas air sin, tá an córas ag méadú go suntasach ár ról agus ár gcúraimí ó thaobh na maoirseachta de agus ag méadú ár dteagmhála laethúla leis na húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí eile san Aontas. Tá an Coimisiún ag trasdul ó chreat dlíthiúil a bhfuil inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún ann chuig creat lena gceanglaítear go nglacfar cur chuige comhchuibhithe i leith cearta agus oibleagáidí cosanta sonraí a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais.

Chun ullmhú le haghaidh rialáil faoin gcóras nua, rinneamar mion-athbhreithniú ar ár gcuid struchtúr eagrúcháin, cumais agus acmhainne sna blianta 2017 agus 2018. Chuireamar measúnú mionsonraithe i gcrích ar an líon cásanna a d'fhéadfadh teacht aníos faoin Rialachán Ginearálta agus shamhlaíomar an tionchar dóchúil a imreofar ar acmhainní. Chuir sé sin ar ár gcumas struchtúr eagrúcháin atá barrmhaith agus inscálaithe a shainiú.

Ina theannta sin, chuireamar anailís dhian fhairsing i gcrích ar na próisis agus na nósanna imeachta a bheadh ag teastáil faoin gcreat dlíthiúil nua. Bhaineamar úsáid ar dtús as cur chuige a bhí bunaithe ar thiomhdí. Chuamar ar ais ina dhiaidh sin chun na próisis agus na nósanna imeachta sin a leasú a luaithe a achtaíodh an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, agus a tháinig na himpleachtaí nós imeachta don Choimisiún chun solais. Mar thoradh ar an anailís sin, bhíomar in ann ár riachtanais réamh-mheasta acmhainní cásoibre agus ár struchtúir eagrúcháin a bheachtú tuilleadh. Chomh maith leis sin, chabhraigh an anailís go mór linn ár gcóras nua bainistíochta cásanna a shonrú. Cuirfear an córas chun feidhme sa bhliain 2019.

Le linn na bliana 2018, chuaigh geall le 50 ball foirne breise isteach i bhfoireann an Choimisiúin agus chuir siad cláir éagsúla oiliúna agus ionduchtúcháin i gcrích. Faoi dheireadh na bliana 2019, beidh an líon ball foirne breis agus cúig huaire níos mó ná a bhí sé sa bhliain 2014. Beidh an líon cothrom le geall le 170 ball foirne agus bíonn speisialtóirí teicneolaíochta, dlí, imscrúduithe agus cumarsáide ag leanúint ar aghaidh ag dul isteach inár bhfoireann. Maidir leis an gcistiú suntasach breise a chuir an Rialtas ar fáil le haghaidh na bliana 2019 agus le tiomantas leanúnach an Rialtais d'acmhainní a chur ar fáil don Choimisiún, tá fíorleas á bhaint acu chun cur ar chumas an Choimisiúin ár n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh agus na hardchaighdeáin a bhfuiltear ag súil leo uainn a chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuilimid ar cheann de na húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí is iomráití ar domhan, ní mór dúinn leanúint lenár gclú a chosaint agus a fheabhsú ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Leanfaimid le cumas agus acmhainn an Choimisiúin a neartú mar chuid den trasdul leantach chuig ár ról méadaithe maoirseachta. Déanfaimid amhlaidh trí na gníomhartha tosaíochta seo a leanas don bhliain 2019:

- I Teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leis an Rialtas chun a chinntiú go mbeidh againn na hacmhainní airgeadais agus na hacmhainní eile a theastaíonn, lena n-áirítear baill foirne agus cóiríocht chúí, chun cur ar ár gcumas ár ról a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Rud ar leith a dtabharfaidh an Coimisiún tosaíocht dó sa bhliain 2019 is ea cóiríocht bhuan oiriúnach a shainaithe agus a sholáthar dár bhfoireann atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.
- II Obair a chur i gcrích ar ár gcuid struchtúr, próiseas agus córas a athfhorbairt chun a chinntiú go leanfaimid le hobair go héifeachtach faoin gcóras nua cosanta sonraí. Déanfar ár nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, cuirfear ár gcóras nua bainistíochta sonraí i bhfeidhm agus déanfar an suíomh Gréasáin nua rud a sheolamar go rathúil sa bhliain 2018 a leathnú agus a úsáid tuilleadh mar uirlis thábhachtach le haghaidh teagmhála.
- III Ár gcuid saineolais agus cumais a bhreisiú trí oiliúint agus breisoiliúint a chur ar bhail

foirne agus iad a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus trí spriocdhíriú ar bhaill foirne a bhfuil sainscileanna acu a earcú, lena n-áirítear saineolas agus cumas teicneolaíochta an Choimisiúin a fhorbairt.

- IV Oibleagáidí an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir lena spreagadh go n-úsáidí na sásraí nua le haghaidh Deimhniúcháin agus Cóid Iompair, mar a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta agus sna treoirlínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí²⁷ a ghlacfar go deireanach sna míonna tosaigh den bhliain 2019. Le linn na bliana 2019, slógfar feidhm oibríochtúil nua a mbeidh mar aidhm léi comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin ar na sásraí nua sin.
- V Clár um athrú eagraíochta a bhrú chun cinn chun cuntasacht dhíreach a ghlacadh as feidhmeanna airgeadais, bainistíocht acmhainní daonna, riachtanais teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, iniúchóireacht inmheánach agus feidhmeanna rialachais an Choimisiúin. Obair i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leis an Oifig Náisiúnta nua um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais agus le heagraíochtaí eile chun ullmhú le haghaidh feidhmeanna an “Oifigigh Chuntasáochta” a aistriú chuig an gCoimisiún chun go mbeidh sé in ann a vóta féin a shealbhú.

2. Feasacht mhéadaithe a bhrú chun cinn ar chosaint sonraí agus léargas a thógáil ar an gcomhthéacs ina rialálaimid trí chomhairliúchán straitéiseach

Le creat dlíthiúil nua an Aontais um chosaint sonraí tugadh ré nua comhair isteach idir údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas. Mar bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, comhroinnimid freagracht le húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí eile san Aontas as a chinntiú go gcuirfear an Rialachán Ginearálta agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i réimse Fhorfheidhmiú an Dlí i bhfeidhm go comhsheasmhach. Chuir baill foirne den Choimisiún le treoirlínte, ábhair oibre agus dréachtnósanna oibre oibríochtúla a fhorbairt ar fud na bhfoghrúpaí go léir den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí. Ghlacamar ról ceannaireachta i bhforbairt a dhéanamh ar roinnt aschur tábhachtach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí mar rapóirtéir nó mar chomhrapóirtéir, mar shampla le haghaidh na dTreoirlínte maidir le Trédhearcacht agus le haghaidh na dTreoirlínte maidir le Cóid Iompair. De bhreis air sin, ceapadh sinn mar chomh-chomhordaitheoir ar an bhfo-shainghrúpa nuachruthaithe um na Meáin Shóisialta sa bhliain 2018.

I mí na Bealtaine 2018, d'éirigh an Coimisiún ar an bpríomhúdarás maoirseachta do roinnt mhaith de na cuideachtaí teicneolaíochta, Idirlín agus meán sóisialta is mó ar domhan a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach lonnaithe in Éirinn. Fágann sé sin go bhfuil freagracht dhíreach ar an gCoimisiún as cosaint a dhéanamh ar chearta cosanta sonraí na milliún duine ar fud an Aontais a bhaineann leas as seirbhísí na gcuideachtaí sin. Agus an ról ríthábhachtach sin á chomhlíonadh

²⁷ - Is ar fáil ag an nasc seo a leanas atá na treoirlínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a ghlacadh nó a foilsíodh le haghaidh comhairliúchán poiblí cheana féin:

https://edpb.europa.eu/our-work-tools/general-guidance/gdpr-guidelines-recommendations-best-practices_en

againn, táimid ag dul i mbun comhar níos dlúithe fós le húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí eile san Aontas i ndáil le nithe lena mbaineann léiriú dlí. Táimid i mbun comhair faoi láthair i ndáil le cásanna sonracha freisin. Faoi shásra comhair an Rialacháin Ghinearálta, is amhlaidh, i gcásanna a bhaineann le próiseáil trasteorann sonraí pearsanta, go bhfuil oibleagáid orainn dul i ndáil chomhairle leis na húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí eile de chuid an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a mbaineann próiseáil na sonraí pearsanta leo²⁸ i gcás go ndéanaimid cinntí i dtaca le cásanna den sórt sin.

Chomh maith leis sin, táimid ag leanúint le teagmháil a dhéanamh le húdaráis idirnáisiúnta chosanta sonraí lasmuigh den Aontas chun eolas agus taithí rialála a chomhroinnt.

Bainfimid amach an cuspóir atá againn go n-oibreoidimid i ndlúthchomhar agus i ndlúth-chomhpháirt lenár macasamhlacha san Aontas agus ar leibhéal náisiúnta, agus déanfaimid amhlaidh trí na gníomhartha tosaíochta seo a leanas don bhliain 2019:

- I Páirt réamhghníomhach a ghlacadh agus ionchur a chur ar fáil, mar chomhrapóirtéir nó mar rapóirtéir nuair is féidir, i dtreoirilínte a fhorbairt agus sa chreat dlíthiúil nua ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí a léiriú, agus leanúint freisin le hionchur praiticiúil agus moltaí praiticiúla a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar nósanna imeachta, réitigh eile agus feabhsuithe ar Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a úsáidtear chun buntacú le sásraí comhair agus comhsheasmhachta an Rialacháin Ghinearálta.
- II Dul i ndáil chomhairle agus comhoibriú ar an mbealach is cuidithí is féidir, mar phríomhúdarás maoirseachta do roinnt mhaith mórchuideachtaí teicneolaíochta, le húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann i ndáil le cásanna sonracha atá á mbainistiú ag an gCoimisiún, sa dóigh is go ndéanann an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí i dteannta a chéile an-dul chun cinn ar shásraí comhair an Rialacháin Ghinearálta a leabú agus ar chomhsheasaimh atá inchreidte, láidir agus cothrom a fhorbairt.
- III Leanúint le páirt a ghlacadh sna cláir oibre de chuid Chomhlachtaí Maoirseachta an Aontais le haghaidh chórais mhórsála TF an Aontais, amhail Europol, Eurodac, an Córas Bainistíochta Custaim, bunachar sonraí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus Comhchomhlacht Maoirseachta Eurojust, agus breathnú ar an maoirseacht chomhordaithe a dhéantar ar Chóras Faisnéise Schengen agus ar an gCóras Faisnéise Víosaí (SIS II agus VIS). [Tabhair faoi deara: Maidir leis an iarratas a rinne Éire ar pháirt a ghlacadh i ngnéithe neamhtheorann áirithe de acquis Schengen, tá sé á bhreithniú faoi láthair ar leibhéal an Aontais mar chuid de shraith meastóireachtaí, lena n-áirítear meastóireacht cosanta sonraí a rinneadh i mí na Samhna 2018.]
- IV Caidreamh láidir éifeachtach a fhorbairt lenár macasamhlacha san Aontas agus le comhlachtaí rialála, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh um Theach Imreitigh Digiteach atá á reáchtáil ag an

²⁸ - Airteagal 4(22) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí, rud ina dtugtar Rialálaithe ó réimse an Chomórtais, ó réimse na Cosanta Tomhaltóirí agus ó réimse na Cosanta Sonraí le chéile.

- V Leanúint le caidreamh a chothú le húdaráis mhaoirseachta cosanta sonraí ar leibhéal idirnáisiúnta trí fhórait amhail an Lónra Domhanda um Fhorfheidhmiú Príobháideachta, Comhdháil na nÚdarás Eorpach Cosanta Sonraí agus Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachta.
- VI Comhar déthaobhach agus comhroinnt dhéthaobhach faisnéise a chur chun cinn ach óstáil a dhéanamh ar thoscaireachtaí ó údaráis mhaoirseachta cosanta sonraí san Aontas agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

3. Feasacht mhéadaithe a bhrú chun cinn ar chosaint sonraí agus léargas a thógáil ar an gcomhthéacs ina rialálaimid trí chomhairliúchán straitéiseach

Teagmháil Dhíreach

I gcás eagraíochtaí, tá ár ngníomhaíochtaí comhairliúcháin agus maoirseachta ina gcuid dhílis de chomhlíonadh a bhrú chun cinn ina measc ach cabhrú leo tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí, agus faoin gcreat dlíthe nua go háirithe. Trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le heagraíochtaí agus le grúpaí earnála agus trí chomhairle ardleibhéil agus treoir neamhcheangailteach a thabhairt dóibh faoi na gníomhaíochtaí nach mór dóibh a dhéanamh chun an Rialachán Ginearálta a chomhlíonadh sula dtiocfaidh fadhbanna chun cinn, bainimid torthaí níos fearr amach d'ábhair shonraí, rud a fhágann go dtagann níos lú droch-chleachtas sistéamach agus níos lú sárúithe tromchúiseacha ar an dlí chun cinn.

Sna blianta 2017 agus 2018, ghlacamar páirt i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin den sórt sin le lear eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí chun cabhrú leo ullmhú don Rialachán Ginearálta. Anuas ar aiseolas dearfach a fháil ar cé chomh húsáideach is a bhí an chomhairle a thugamar, chabhraigh an cineál sin teagmhála go mór leis an gCoimisiún tuiscint a ghnóthú ar na dúshlán phraiticiúla a bhíonn ar eagraíochtaí agus iad ag iarraidh comhlíonadh a bhaint amach. Faoin Rialachán Ginearálta, áirítear lenár dteagmháil dhíreach le heagraíochtaí aonair anois comhairliúchán éigeantach i leith measúnuithe tionchair cosanta sonraí ina dtugtar le fios go dtiocfaidh ardriosca iarmharach as an bpróiseáil atá beartaithe ag an eagraíocht a dhéanamh.

Sa bhliain 2019, leanfaimid freisin le treoir shaineolaíoch agus cúnamh saineolaíoch a thabhairt don lucht déanta beartas rialtais agus le reachtóirí mar chuid dár bhfeidhmeanna nua comhairliúcháin éigeantaigh ar bhearta reachtaíochta agus rialála a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta chun go mbeidh dlíthe agus beartais sa todhchaí ag comhlíonadh ceanglais chosanta sonraí ón tús. Chomh maith leis sin, tosóimid ag déanamh teagmháil dhíreach leis na comhlachtaí agus na grúpaí earnála lena mbaineann maidir le Deimhniú agus Cóid Iompair a thabhairt isteach,

bunaithe ar ár ngníomh tosaíochta ag 1(IV) thuas.

Treoirlínte agus Comhairle Ghinearálta

Anuas ar ár dteagmháil dhíreach le heagraíochtaí, déanann an Coimisiún iarracht freastal ar an oiread eagraíochtaí agus is féidir, rud a mhéadóidh a leibhéil chomhlíonta, ach treoirlínte agus blaganna a fhoilsiú ar réimsí den dlí um chosaint sonraí agus ar shaincheisteanna tráthúla ar leith.

Sa bhliain 2018, chruthaíomar cumas inmheánach breise le haghaidh treoirlínte a tháirgeadh ar bhonn leanúnach de réir plan oibre atá in ord tosaíochta. Leanfaidh na treoirlínte sin ón gCoimisiún ar aghaidh ag feidhmiú mar chomhlánú ar na treoirlínte fairsinge a bhforbraíonn an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí iad agus a rannchuidíonn an Coimisiún go gníomhach leo trí na ról a ghlacann sé mar bhall d'fho-shainghrúpaí an Bhoird Eorpaigh agus mar chomhrapóirtéir agus mar rapóirtéir ar shaincheisteanna éagsúla. Seoladh suíomh Gréasáin nua an Choimisiúin²⁹ ag deireadh na bliana 2018. Is uirlis ríthábhachtach é le haghaidh faisnéis agus treoirlínte a scaipeadh go héifeachtúil ar gach geallsealbhóir.

Le linn na bliana 2019, leanfaimid le faireachán a dhéanamh ar na mionsonraí atá ag teacht aníos faoi tharraingt na Ríochta Aontaithe as an Aontas faoin mBreatimeacht, lena n-áirítear an difear a dhéanfar d'aistrithe sonraí pearsanta chuig an Ríocht Aontaithe agus don obair maoirseachta a dhéanaimid. Leanfaimid le treoir a bhaineann go sonrath leis an mBreatimeacht a eisiúint chuig eagraíochtaí ar fud na bliana agus déanfaimid teagmháil fairsing le comhlachtaí ionadaíocha, le heagraíochtaí agus le geallsealbhóirí maidir leis na himpleachtaí.

Feachtais Mhéadaithe Feasachta

Cuid dhílis de ról an Choimisiúin is ea seasamh le cearta cosanta sonraí na ndaoine den phobal agus cur ar chumas daoine a gcearta féin a fheidhmiú. Le linn na bliana 2018 freisin, rinne an Coimisiún cur i gcrích ar mhórtionscnamh dar teideal 'Éire a Ullmhú don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí', a raibh mar aidhm leis feasacht a mhéadú ar an Rialachán Ginearálta. Le linn an tionscnaimh, sainathnódh agus comhordaíodh roinnt sruthanna cumarsáide a bhí dírithe ar fheasacht a mhéadú i measc earnálacha éagsúla agus i measc daoine den phobal. Áiríodh na nithe seo leis na sruthanna sin: feachtas leathan fógraíochta sna meáin; teagmháil dhíreach le baill foirne a labhraíonn ag roinnt mhaith comhdhálacha agus imeachtaí ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta; an micreashuíomh gdprandyou.ie de chuid an Choimisiúin, acmhainní gaolmhara agus treoir ghaolmhar; láithreach dhigiteach méadaithe an Choimisiúin ar na meáin shóisialta; agus an chomhdháil a d'óstáil an Coimisiún chun comhairle shaincheaptha a bhí saineolaíoch agus praiticiúil a thabhairt d'eagraíochtaí earnála poiblí agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Sna torthaí ar shuirbhéanna náisiúnta ar choimisiúnaigh an Coimisiún iad i mí na Bealtaine 2017 agus i mí na Bealtaine 2018, taispeánadh go raibh méadú faoi dhó ann sa tréimhse sin ar

²⁹ - Tá suíomh Gréasáin an Choimisiúin ar fáil ag: <https://www.dataprotection.ie/>

fheasacht na hearnála fiontar beag agus meánmhéide ar an Rialachán Ginearálta. I mí na Bealtaine 2018, deimhníodh i dtorthaí an tsuirbhé dheireanaigh go raibh breis agus 90% de ghnóthais eolach ar an Rialachán Ginearálta.

Leanfaidh ár bhfoireann Cumarsáide le faisnéis a scaipeadh trí chainéil Mheán Sóisialta an Choimisiúin, mar atá Twitter agus LinkedIn, ar fud na bliana 2019 chun cur tuilleadh le feasacht an phobail ar shaincheistanna cosanta sonraí agus ar obair an Choimisiúin. Tá sé beartaithe freisin láithreacht don Choimisiún a fhorbairt ar ardán Instagram go luath sa bhliain 2019. Bainfear an-tairbhe as an láithreacht sin, go háirithe i measc an spriocphobail níos óige (daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois) a mbeidh an Coimisiún i mbun teagmhála leis trínár gcomhairliúchán poiblí maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Mar chuid de na tionscnaimh eile mhéadaithe feasachta a réachtálfaidh an Coimisiún don bhliain 2019, déanfar podchraoltaí agus seimineáir Ghréasáin a léiriú agus a chraoladh. Beidh an fhoireann Cumarsáide ag déanamh anailís ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na chéad gharspriocanna de chur chun feidhme an Rialacháin Ghinearálta chun cabhrú léi a shainathint cé na réimsí a ndíreofar gníomhaíochtaí méadaithe feasachta an Choimisiúin orthu ar fud na bliana.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin Lónra Oifigeach Cosanta Sonraí a chur ar bun sa bhliain 2019 chun aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach a chomhlíonann Oifigigh Chosanta Sonraí i bhfeasacht a n-eagraíochta ar chosaint sonraí a mhéadú, i bprionsabail chosanta sonraí a chur i bhfeidhm ina n-eagraíocht agus ina n-eagraíocht a choimeád cuntasach agus comhlíontach. Cuirfidh an Lónra Oifigeach Cosanta Sonraí ar chumas an Choimisiúin teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí tábhachtacha sin agus na dúshláin atá orthu a thuiscint. Rud ba thábhachtaí fós, áfach, cabhróidh sé le comhroinnt an dea-chleachtais agus na gceachtanna a foghlaimíodh i measc Oifigigh Chosanta Sonraí mar thacaíocht idir piaraí, agus é mar aidhm dheiridh aige feabhas a chur ar chomhlíonadh le leas an phobail.

Comhairliúcháin Phoiblí

Tá geallsealbhóirí iomadúla ilchineálacha a bhfuil dearcthaí éagsúla acu ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta ag an gCoimisiún. Chomh maith leis sin, bítear ag méadú ar fheasacht an phobail ar chearta cosanta sonraí agus ar ról an Choimisiúin i seasamh leis na cearta sin. Iarrann daoine den phobal, agus údar acu, a n-ionchur a chur ar fáil sa dóigh a gcomhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna. Tá na dearcthaí sin ríthábhachtach don tuiscint atá ag an gCoimisiún ar an gcomhthéacs ina rialálaimid agus ar na bealaí inar féidir linn gníomhú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún ionchur a iarraidh ón speictream iomlán geallsealbhóirí i dtaca le saincheistanna éagsúla sa bhliain 2019. Bainfidh sé

úsáid as a shuíomh Gréasáin nua go príomha chun an comhairliúchán poiblí sin a éascú.

Mar bhall den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, leanann an Coimisiún le tacaíocht láidir a thabhairt don chur chuige caighdeánach trína reáchtáiltear cleachtadh comhairliúcháin phoiblí tar éis gach tacair de threoirlínte an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a ghlacadh.

Tar éis dó gníomhú mar rapóirtéir le haghaidh na forbartha a rinne Meitheal Oibre Airteagal 29 (réamhtheachtaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí) ar na Treoirlínte maidir le Trédhearcacht a foilsíodh ag deireadh na bliana 2017, bhí an Coimisiún i gceannas ar an obair ar na treoirlínte sin a leasú go luath sa bhliain 2018, ag teacht sna sála ar chomhairliúchán oscailte fairsing a reáchtáladh ar fud an Aontais.

Don bhliain 2019, chuir an Coimisiún tús cheana féin le comhairliúchán poiblí fairsing maidir le próiseáil sonraí pearsanta leanaí agus cearta leanaí mar ábhair shonraí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tá dhá shruth comhairliúcháin i gceist leis: ceann amháin atá dírithe ar gheallsealbhóirí is aosaigh, agus ceann amháin atá dírithe go díreach ar leanaí agus ar dhaoine óga.

Seoladh an chéad sruth den chomhairliúchán, a bhí dírithe ar gheallsealbhóirí is aosaigh, i mí na Nollag 2018. Beidh an dara sruth comhdhéanta de chomhairliúchán speisialta a bhfuil mar aidhm leis teagmháil dhíreach a dhéanamh le leanaí agus le daoine óga trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an seomra ranga. Beifear ag seoladh an tsrutha sin den chomhairliúchán i mí Eanáir 2019. Tabharfar cuireadh do gach scoil agus ionad Ógtheagmhála in Éirinn páirt a ghlacadh ann. Bainfidh an Coimisiún úsáid as na freagraí ón dá shruth dá chomhairliúchán chun ábhair threorach a chur le chéile. Áireofar leo sin treoir a ullmhófar go sonrach do leanaí agus do dhaoine óga agus treoir a ullmhófar d'eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga. De bhreis air sin, oibreoidh an Coimisiún le geallsealbhóirí sa tionscal, sa rialtas agus san earnáil dheonach agus lena gcomhlachtaí ionadaíocha tar éis an chomhairliúcháin chun a spreagadh go ndrúchtófaí cóid iompair chun dea-chleachtais a chur chun cinn i measc eagraíochtaí a phróiseálann sonraí pearsanta leanaí agus daoine óga, i gcomhréir leis na hoibleagáidí sonracha atá air ina leith sin faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Le linn na bliana 2019 freisin, beidh an Coimisiún ag tabhairt faoi chleachtadh fairsing comhairliúcháin maidir le forbairt ár Straitéise Rialála fadtéarmaí. Próiseas atriallach trédhearcach a bheidh sa phróiseas comhairliúcháin sin agus beidh sé ina chuid dhílis den anailís agus den bhreithniú a dhéanfaimid ar ár straitéis sheasmhach agus de na conclúidí a dtiocfaimid orthu ina leith. Táthar ag súil leis go seolfar an chéad phríomhbhabhta den chomhairliúchán poiblí roimh dheireadh na chéad ráithe den bhliain 2019. Beidh an babhta sin bunaithe ar pháipéar réamhchomhairliúcháin ina leagfar amach roinnt de na príomhcheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i Straitéis Rialála an Choimisiúin.

Trí na gníomhartha tosaíochta seo a leanas don bhliain 2019, bainfimid amach na cuspóirí atá

againn maidir le feasacht mhéadaithe i measc eagraíochtaí agus an phobail ar chosaint sonraí, le cur chuige breisithe atá dírithe ar an saoránach, agus le léargas níos mó ar an gcomhthéacs ina rialálaimid trí chomhairliúchán straitéiseach:

- I Spriocdhírú go réamhghníomhach ar eagraíochtaí earnála poiblí agus príobháidí agus teagmháil dhíreach a dhéanamh leo, go háirithe maidir leis an bpróiseáil sonraí is airde riosca, le próiseáil shistéamach sonraí agus le próiseáil mhórsála sonraí.
- II Treoir atá soiléir, ar ardchaighdeán agus tráthúil a thabhairt do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí, lena n-áirítear tríd an leas is mó a bhaint as suíomh Gréasáin nua an Choimisiúin agus trí chainéil mheán sóisialta, lena n-áirítear treoir a bhaineann leis an mBreatimeacht.
- III Clár for-rochtana in ord tosaíochta a sholáthar do gheallsealbhóirí ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta mar phríomhchainteoirí ag comhdhálacha agus páirt a ghlacadh in imeachtaí painéil agus ceardlainne.
- IV Sraith leantach feachtas méadaithe feasachta a fhorbairt agus a chur i ngníomh chun cur tuilleadh le feasacht an phobail ar a gcearta cosanta sonraí agus ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm orthu, agus cur le feasacht an phobail ar an obair a dhéanann an Coimisiún thar ceann saoránach.
- V Tionscnaimh chomhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin a chur chun cinn, lena n-áirítear na comhairliúcháin maidir le saincheisteanna leanaí agus le Straitéis Rialála an Choimisiúin, chun go gcuirfead an raon is leithne tuairimí is féidir san áireamh agus chun a chinntiú go dtabharfaidh an Coimisiún aird iomlán thrédhearcach ar na haighneachtaí a gheofar.
- VI Lónra Oifigeach Cosanta Sonraí a chur ar bun, tús a chur le teagmháil ghníomhach a dhéanamh le hOifig Chosanta Sonraí chun go dtuigimid na dúshlán a mbíonn siad ag dul i ngleic leo, struchtúr a chur chun feidhme chun comhroinnt dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh i measc Oifig Chosanta Sonraí a éascú mar thacaíocht idir piaraí, agus treoir agus ábhair threorach a fhorbairt go sonrach dár spriocphobal Oifigeach Cosanta Sonraí.

4. Formhaoirseacht éifeachtach a sholáthar agus ár gcumhachtaí forfheidhmiúcháin a fheidhmiú go cothrom

Leis an Rialachán Ginearálta, neartaíodh go mór na huirlisí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin (ar a dtugtar uirlisí “ceartaitheacha” sa Rialachán Ginearálta) atá ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear, den chéad uair riamh, an chumhacht chun fíneálacha riaracháin suas go dtí €20 milliún, nó 4% den láimhdeachas bliantúil domhanda, a fhorchur.

Nuair is gá, bainfidimid leas iomlán as ár gcumhachtaí méadaithe forfheidhmiúcháin agus forchuirfidimid smachtbhannaí ar bhealach dleathach, comhréireach agus cothrom ar aon eagraíocht a aimsítear

a bheith ag sárú an dlí. Gníomhóimid ar bhealach comhsheasmhach, agus comhthéacs sonrach gach cáis á chur san áireamh againn ag an am céanna. Bainfimid úsáid as ár gcumhachtaí méadaithe imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin chun spriocdhíriú ar réimsí neamhchomhlíonta atá tromchúiseach agus lena mbaineann ardriosca (go háirithe i gcás gur neamhchomhlíonadh sistéamach é), agus cuirfimid ó eagraíochtaí a dteipeann orthu go failíoch nó d'aon ghnó droch-chleachtais a réiteach nó cloí le ceart bunúsach an Aontais chun cosanta sonraí.

Leanfaimid freisin le húsáid a bhaint as ár n-acmhainní chun déileáil go héifeachtúil le gearáin ó dhaoine aonair ar sáraíodh a gcearta cosanta sonraí, dar leo, agus chun cearta sonraí daoine aonair a dheimhniú i gcás go n-aimsítear gur sáraíodh iad.

Soláthróimid formhaoirseacht éifeachtach agus úsáid chothrom, chomhréireach agus éifeachtach ár gcumhachtaí forfheidhmiúcháin trí na gníomhartha tosaíochta seo a leanas don bhliain 2019:

- I Gníomhaíocht rialála a shaothrú, lena n-áirítear smachtbhannaí amhail fíneálacha riaracháin a fhorchur ar bhealach dleathach, cothrom, comhréireach agus éifeachtach, agus aird á tabhairt ar aon seasaimh a forbraíodh ar leibhéal an Aontais, agus é mar chuspóir foriomlán aige comhlíonadh níos fearr agus cuntasacht a bhrú chun cinn i measc eagraíochtaí maidir le seasamh lena n-oibleagáidí i leith ábhair shonraí.
- II Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le geallsealbhóirí, lenár macasamhlacha san Aontas agus le comhlachtaí rialála eile chun faireachán agus sainaitheint a dhéanamh ar phríomhréimsí cleachtais dhochraigh agus ar neamhchomhlíonadh córais nó ardriosca, rud a bhféadfadh go n-éileofaí bearta imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin ina leith. Áireofar leis an teagmháil sin rannpháirtíocht an Choimisiúin i Straitéis Forfheidhmiúcháin an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a fhorbairt agus a chur i ngníomh.
- III Comhlíonadh feabhsaithe na n-oibleagáidí cosanta sonraí a bhrú chun cinn trí fhiosrúcháin ar chuir an Coimisiún tús leo go réamhghníomhach dá thoil féin a dhéanamh go héifeachtúil, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar phróiseáil shistéamach sonraí pearsanta, ar phróiseáil ardriosca sonraí pearsanta agus ar phróiseáil mhórsála sonraí pearsanta.

An Straitéis a Bhaint Amach

Acmhainní

A bhuí leis na hacmhainní breise atá leithdháilte ag an Rialtas ar bhuiséad bliantúil an Coimisiún um Chosaint Sonraí le blianta beaga anuas, cumasaíodh don Choimisiún cur leis an gcumas agus leis an acmhainn atá aige rialáil a dhéanamh go héifeachtach faoin gcóras nua cosanta sonraí. Úsáideadh an cistiú breise sin chun baill foirne bhreise, lena n-áirítear speisialtóirí dlí, teicniúla, iniúchóireachta, cumarsáide agus imscrúduithe, agus baill foirne bheartais agus riaracháin a earcú.

Tá ár leithdháileadh buiséid don bhliain 2019 cothrom le €15.2 milliún agus leanfar le é a infheistiú in acmhainní breise foirne; i struchtúir, próisis agus córais nua a chur chun feidhme agus a bheachtú; inár bhfoireann a fhorbairt, a oiliúint agus a bhreisoiliúint; agus i gcumarsáid éifeachtach a dhéanamh le heagraíochtaí agus leis an bpobal. Is é an cuspóir deiridh a bheidh leis sin ar fad ná sinn a chumasú ár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.

Beidh cistiú leantach ón Rialtas tar éis na bliana 2019 ríthábhachtach maidir leis an gCoimisiún a chumasú raon feidhme leathan a shainchúraim rialála a chomhlíonadh, na caighdeáin agus na héifeachtúlachtaí a bhaint amach a bhfuiltear ag súil leo ón gCoimisiún i gcoibhneas leis an ról tábhachtach maoirseachta atá againn ar bhonn idirnáisiúnta, agus oibriú go héifeachtach mar chomhlacht rialála neamhspleách.

Cumarsáid

Déanfaimid cumarsáid atá soiléir, éifeachtach agus tráthúil lenár ngeallsealbhóirí agus leis an bpobal i dtaca lenár gcuid gníomhaíochtaí, straitéisí agus seasamh trí leas a bhaint as na modhanna cumarsáide is cuí agus is éifeachtúla atá ann. Déanfaimid amhlaidh trínár suíomh Gréasáin, trínár ndeasc chabhrach, trí uirlisí meán sóisialta a úsáid, trí theagmháil dhíreach le geallsealbhóirí agus trí pháirt a ghlacadh mar chainteoirí in imeachtaí agus comhdhálacha tábhachtacha réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanfaimid le feasacht a mhéadú ar chearta agus oibleagáidí cosanta sonraí agus le cleachtais chomhlíontacha a chur chun cinn. Déanfaimid amhlaidh trí threoir shoiléir ghonta a fhoilsiú agus trí éisteacht leis na tuairimí atá ag ár ngeallsealbhóirí faoi réimsí comhlíonta áirithe a bhfuil seasaimh bheartais agus treoir beartais á bhforbairt ina leith.

Feidhmíocht a Thomhas

Is doiciméad ardleibhéil é an Ráiteas Straitéise seo, rud ina léirítear na príomhchuspóirí agus na gníomhartha tosaíochta atá sainaitheanta faoi láthair don Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain 2019. Ní uileghabhálach atá na cuspóirí agus na gníomhartha tosaíochta sin, áfach, agus cuirfear leo agus leasófar iad de réir mar is gá le linn na bliana 2019, go háirithe i gcomhthéacs na

n-aighneachtaí a gheofar mar chuid de na tionscnaimh chomhairliúcháin phoiblí atá beartaithe againn.

Maidir leis na gníomhartha tosaíochta agus na bunspríocanna inghnóthaithe mionsonraithe a bheidh taobh thiar de bhaint amach ár gcuspóirí straitéiseacha, beidh siad leagtha amach i bplean gnó eagraíochta bliantúil an Choimisiúin, rud a bheidh bunaithe ar phleananna gnó rannáin agus ar spriocanna aonair na mball foirne. Déanann ár gCoiste Ardbhainistíochta agus na Cinn Aonaid aonair faireachán leanúnach ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar ár gcuid cuspóirí straitéiseacha agus gníomhartha tosaíochta a chur chun feidhme.

Cuntasacht agus Trédhearcacht

Cé gur comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chosaint Sonraí, tá ár gcuid próiseas agus socruithe um fhorghairseacht rialachais agus riaracháin ar chomhréim leis na ceanglais rialachais is infheidhme i leith comhlachtaí earnála poiblí, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit³⁰. Sa bhliain 2019, leanfar leis an gComhaontú Dearbhaithe Rialachais Chorparáidigh a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a úsáid chun rialú a dhéanamh ar ár gcaidreamh leis an Roinn, ar tríthi a chistimid agus atáimid cuntasach ar bhonn riaracháin don Oireachtas. Athróidh an caidreamh sin i mí Eanáir 2020, tráth a éireoidh an Coimisinéir um Chosaint Sonraí ina (h)oifigeach cuntasáochta i dtaca le cuntas leithreasa an Coimisiúin um Chosaint Sonraí.

De réir alt 24 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ullmhaíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí tuarascáil bhliantúil don bhliain roimhe faoin 30 Meitheamh gach bliain, rud a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais ansin. Ullmhófar tuarascáil don bhliain 2018 le linn na chéad ráithe den bhliain 2019. Cumhdófar sa tuarascáil sin an tréimhse seacht mí ón 25 Bealtaine 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018. Rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí an tuarascáil bhliantúil deiridh ón gCoimisinéir um Chosaint Sonraí don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 24 Bealtaine 2018 a ullmhú agus a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais cheana féin (de réir alt 66 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018). Cuirtear tuilleadh formhaoirseacht agus rialachas airgeadais agus cuntasáochta i gcrích ar bhonn seachtrach trí chuntais airgeadais an Coimisiúin um Chosaint Sonraí a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste gach bliain.

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, go páirteach i dtaca le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige, go háirithe na taifid sin a cruthaíodh tar éis an 21 Aibreán 2008. Is féidir sonraí faoinár Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise a fháil ag www.dataprotection.ie.

³⁰ - An Cód Cleachtais (Athbhreithnithe) do Rialachas Comhlachtaí Stáit, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 2016